EAGRÁN 45 DEIREADH FÓMHAIR 2017

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

D'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo cur i láthair le Alf Monaghan ar an téama 'Stair na Luath-Chríostaíochta in Éirinn' mar chuid d'Oíche Chultúir Náisiúnta 2017 (tá tuilleadh faoi seo ar leathantach 5). Alf Monaghan, who has carried out extensive research on early Irish Christianity from a Mediterranean perspective, gave an illustrated presentation in the Seanscoil entitled '*Monastic Ireland – A Gift of the Nile'* as part of Culture Night 2017 (read the full story on page 5) *(grianghraf: Uinsíonn Mac Graith)*

*** Nuachtlitir Áitiúil**

*** A Community Newsletter**

*** Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal**

*** Published four times a year**

*** Provides a voice for the local community and an update on development issues**

San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teagmhála – Contact Details	2
Campaí Samhraidh – Summer Camps	3
Seachtain Oidhreachta Náisiúnta – National Heritage Week	4
Oíche Chultúir Náisiúnta – National Culture Night	5
Cúrsaí Gaeilge – Irish Language Matters	5-7
Scéalta Eile – Other News	7-11

Foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo (i gcomhar le fo-choiste Ghlór na nGael)

Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn / The Management Committee

Cathaoirleach:	Séamus Ó Murchú
Rúnaí:	Seán Mac Aindriú
Cisteoir:	Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile:	Micheál Ó Seighin, Caitlín Uí Sheighin, Micheál Ó Murchú, Micheál de Búrca, Bríd Ní Sheighin agus Uinsíonn Mac Graith.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Dún Chaocháin Teo atá cláraithe le Clárlann na gCarachumann. Tá sé mar ráiteas misin aige oibriú go gníomhach ar shon forbairt theangeolaíocha/chultúrtha, bhonneagartha, oideachasúil agus shóisialta paróiste Chill Chomáin agus acmhainní nadúrtha agus daonna an cheantair a fhorbairt ar bhealach chomhtháite. Ag comhoibriú le Coiste Ghlór na nGael, grúpaí forbartha áitiúla agus eagraisí éagsúla stáit tá roinnt tograí curtha i gcrích go dáta.

Comhar Dún Chaocháin Teo is a community development co-operative which is registered with the Registry of Friendly Societies. Its mission is to work in a proactive way to promote the linguistic/cultural, infrastructural, educational and social development of the parish of Cill Chomáin and to develop in an integrated way the material and human resources of the area. Working in conjunction with Coiste Ghlór na nGael, local development groups and various state agencies a number of projects have been undertaken to date.

Ionad Eolais / Information Office

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg áit a bhfuil na seirbhísí seo a leanas le fáil:-

Eolas agus comhairle do choistí pobail maidir le ról na n-eagras forbartha, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe &rl.

Foirmeacha iarratais ar scéimeanna éagsúla mar shampla deiseanna traenála &rl.

Seirbhísí cóipéala, laminating agus facs

Seirbhísí eolais do chuairteoirí - léarscáileanna, bróisiúirí, leabhráin, dlúthdhioscanna, cártaí poist, leabharlann d'ábhar béaloideasa agus liteartha Gaeilge, taispeántas grianghraif &rl.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg where the following services are available:-

Information and assistance to community groups in relation to the role of development agencies, developing and managing projects, sourcing funding etc.

Application forms on various schemes including training opportunities etc.

Photocopying, laminating and fax services.

Visitor information including maps, brochures, booklets, CD ROMs, postcards, a library of folklore and Irish language material, photographs etc.

Guth an Phobail / Have Your Say

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teagmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais. Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information. We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next issue.

Déan teagmháil le **Treasa Ní Ghearraigh, Comhar Dún Chaocháin Teo,**
An tSeanscoil, Ceathrú Thaidhg, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Guthán: 097 88082 **Ríomhphoist: dunchaochain1@eircom.net**

Spraoi agus Scléip sna Campaí Samhraidh / Summer Camps

D'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo campaí samhraidh seachtaine trí mheán na Gaeilge le cuidiú airgeadú Muintearas Teo faoi Scéim na gCampaí Samhraidh sa Ghaeltacht. An aidhm atá leis na campaí ná páistí a spreagadh chun an Ghaeilge a labhairt agus dul i dtaithí ar í a úsáid lena chéile i dtimpeallacht thaitneamhach. Seachtain siamsaíochta, spraoiúil a bhí ann le h-imeachtaí mar spórt lastigh agus lasmuigh, ealaíon, ceardaíocht, damhsa traidisiúnta, amhranaíocht, cluichí boird agus barbeque. Ba mhaith leis an gcoiste buíochas a ghlacadh leis na ceannairí a chuir na cláranna teanga agus súgartha i bhfeidhim sna campaí.

Comhar Dún Chaocháin Teo organised week-long summer camps through the medium of Irish with the assistance of funding it received from Muintearas Teo under the scheme Scéim na gCampaí Samhraidh sa Ghaeltacht. The aim of the camps is to encourage children to speak Irish in an enjoyable and child-friendly environment. The programme of activity included various indoor and outdoor team sports, arts, crafts, traditional dancing, singing, board games and a barbeque. The committee would like to thank the camp leaders for implementing and enhancing the language and play programmes in the camps.

Páistí idir trí bliana agus sé bliana d'aois a d'freastal ar champa samhraidh i nGleann na Muaidhe, in éineacht le Treasa Ní Ghearraigh (Comhar Dún Chaocháin Teo) agus foireann an champa Máire Cáit Uí Mhurchú, Saoirse Ní Léineacháin agus Betty Uí Dhéagánaigh. (grianghraf: Uinsíonn Mac Graith)

Seachtain Oidhreachta Náisiúnta 2017 / National Heritage Week 2017

Is comhfhiontar é Seachtain Oidhreachta Náisiúnta idir Chomhairle na hEorpa agus Aontas na hEorpa, atá dá reachtáil ag an gComhairle Oidhreachta le tacaíocht ón Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Fáilte Ireland. Ó cheann ceann na tíre, d'eagraigh daoine aonaracha agus grúpaí imeachtaí éagsúla chun ár gcultúr agus ár n-oidhreacht shainiúil a cheiliúradh.

Cheadaigh an Comhairle Oidhreachta deontas do Chomhar Dún Chaocháin Teo faoin Scéim Deontais Oidhreacht Phobail 2017. Le cuidiú ó Sheirbhísí Tírdhreacha agus Geofisiceach rinneadh suirbhé topagrafaíochta agus geofisiceach ar shean-láithreáin lonnaíochta ar an gCorrán Buí ag tús mhí Iúil faoi threoir Kevin Barton agus le cuidiú rannphairtithe ó Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin, chomh maith le oibrithe deonacha áitiúla. Rinne an tionscnamh mapáil agus fiosrúchán orthu agus ar an talamh mórthimpeall. Bainfear úsáid as an eolas seo le plean cosanta agus bainistíochta a fhorbairt. Mar chuid de Sheachtain Oidhreachta rinne Kevin cur i láthair don phobal ar réamh-thorthaí an suirbhé sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg ar an 23ú Lúnasa.

National Heritage Week, which is part of a wider event of European Heritage Days, is co-ordinated by The Heritage Council with support from the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht and Fáilte Ireland. All over the country individuals and groups organized various events to celebrate the diversity of our unique culture and heritage.

Comhar Dún Chaocháin Teo received a Heritage Council grant under the Community Heritage Grant Scheme 2017. With the assistance of Landscape & Geophysical Services a topographic and geophysical survey of old settlement sites at Corrán Buí was undertaken at the beginning of July under the guidance of Kevin Barton and with the help of participants on the Cill Chomáin Rural Social Scheme as well as local volunteers. The project mapped and investigated the structure of the sites and their environs to provide information that will be used to develop a conservation and management plan. As part of Heritage Week Kevin presented the preliminary findings of the survey to the community in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg on 23rd August.

Among those who took part in the topographic and geophysical survey of old settlement sites at Corrán Buí were (from left to right) Micheál Ó Gearbháin, Pádraig Ó Gionnantaigh, Philip Ó Gearbháin, Pádraig Ó Dochartaigh, Kevin Barton and Uinsíonn Mac Graith (who took the photo).

Oíche Chultúir Náisiúnta / National Culture Night

Bhí Oíche Chultúir Náisiúnta, atá eagraithe ag An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcomhpháirt le Comhairle Chondae Mhaigh Eo agus eagraíochtaí cultúrtha ar fud an chondae, ar siúl ar an 22ú Meán Fómhair. 'Séard atá i gceist leis an bhfeachtas ná ceiliúradh a dhéanamh ar shaibhreas cultúrtha agus ealaíne na tíre agus deiseanna a chur ar fáil don bpobal a bheith rannpháirteach in imeachtaí éagsúla. Ghlac ceathara trí ionad ar fud Mhaigh Eo páirt san imeacht, Comhar Dún Chaocháin Teo ina measc. Rinne Alf Monaghan, fear a bhfuil go leor taighde déanta aige ar an ábhar, cur i láthair ar an téama 'Stair na Luath-Chríostaíochta in Éirinn'. Ba mhaith leis an gcoiste buíochas a ghlacadh le Breda Mayock, oifigeach cúnta ealaíne le Comhairle Chondae Mhaigh Eo, as ucht a comhairle agus a tacaíochta.

National Culture Night, which is organized by the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht in partnership with Mayo County Council and cultural organisations throughout the county, took place on 22nd September. The aim of the initiative is to celebrate the cultural and artistic richness of Ireland and to give communities an opportunity to partake in various activities. Forty-three venues in County Mayo took part including Comhar Dún Chaocháin Teo. Alf Monaghan, who has carried out extensive research on early Irish Christianity from a Mediterranean perspective, gave an illustrated presentation entitled '*Monastic Ireland – A Gift of the Nile'*. The committee would like to thank Breda Mayock, Assistant Arts Officer with Mayo County Council, for her advice and support in organizing the event.

Cúrsaí Gaeilge / Irish Language Matters

Ciorcal Comhrá / Irish Language Classes

Ar mhaith leat Gaeilge a fhoghlaim ón tús, nó dul chun cinn a dhéanamh leis an méid atá agat agus cleachtadh a fháil ar í a labhairt? Beidh ciorcal comhrá ar siúl in Ionad Taighde agus Staidéir Bhéal Deirg chuile oíche Déardaoin ag 8.00 i.n. ar feadh deich oíche. Ranganna neamhfhoirmiúla atá i gceist leis an bhéim ar an nGaeilge labhartha agus na focail choitianta a úsáidtear sa ghnáthchaint. De réir a chéile cuirfidh an cúrsa le do mhuinín i dtuiscint agus i labhairt na teanga. Tá breis eolais le fáil ó Mháire Uí Ghiollabhearraigh ag 087 7502668 nó ó Vincent ag 087 7557244.

Would you like to learn Irish or practice and improve on the amount you already have? Conversational Irish classes will be held in Béal Deirg Research and Study Centre every Thursday at 8.00 p.m. for ten nights. Classes are informal with an emphasis on spoken Irish and common phrases used in everyday conversation. The course will add to your confidence in understanding and speaking the language. For further information, please contact Máire Uí Ghiollabhearraigh on 087 7502668 or Vincent on 087 7557244.

Gaeilge Iorrais / Irish Language Plan

Bhual coiste Chomhar Dún Chaocháin Teo leis an gComhordaitheoir Teanga Dr. Laoise Ní Dhúda sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg le cúrsaí pleanála teanga a phlé. Ó chlé, tá Caitlín Uí Sheighin, Treasa Ní Ghearraigh, Dr. Laoise Ní Dhúda, Micheál Ó Murchú, Máire Cáit Uí Mhurchú, Micheál Ó Seighin, Micheál de Búrca, Bríd Ní Sheighin agus Séamus Ó Murchú. (grianghraf: Uinsíonn Mac Graith)

Is é Gaeilge Iorrais atá roghnaithe ag Údarás na Gaeltachta mar cheanneagraíocht pleanála teanga do Limistéar Mhaigh Eo Thuaidh agus tá sé beartaithe plean sonrach don Ghaeilge a ullmhú don cheantar seo. Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin d'eagraigh an coiste suirbhéanna éagsúla chun tuairimí agus smaointí an phobail i leith na Gaeltachta agus na teanga Gaeilge a mheas. Chomh maith le sin bhual an Comhordaitheoir Teanga Dr. Laoise Ní Dhúda le grúpaí éagsúla chun a dtuairimí a fháil agus bhí cruinnithe aici le múinteoirí scoile i leith pholasaí na Roinne Oideachais agus Scileanna don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 agus na himpleachtaí a bhaineann leis.

Tá súil againn go mbeidh dréacht-cháipéis dár bplean teanga réidh le cur faoi bhráid an phobail agus go mbeidh sé críochnaithe le cur chuig An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta roimh dheireadh na bliana. Ag leanacht uaidh seo, tosóidh plean gníomhaíochta seacht mbliana i 2018 má ghlactar leis an bplean. Cuireann Acht na Gaeltachta deis faoi leith ar fáil don phobal dlús a chur faoin bpleanáil teanga ar ár dtéarmaí féin. Is féidir leatsa difríocht mhór a dhéanamh ach is féidir linne, le chéile, an t-uafás a bhaint amach má sheasann muid le chéile. Coinnigh súil ar ár leathanach Facebook 'Gaeilge Iorrais' le haghaidh tuilleadh eolais.

Gaeilge Iorrais has been selected by Údarás na Gaeltachta as the lead language planning organisation in the North Mayo Gaeltacht region and it is intended to prepare a specific Irish language plan for this area.

As part of its consultation process the committee organized community surveys to assess the public's opinions and ideas in relation to the future of the Irish language and the Gaeltacht. In addition, the Language Co-ordinator Dr Laoise Ní Dhúda met with various groups for their input in the process and also held meetings with schoolteachers in relation to the Department of Education and Skills policy on Gaeltacht Education 2017-2022.

It is hoped that a draft document will be ready for community consultation and that our community language plan will be ready for submission to the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht for approval by the end of the year. Following on from this, a 7-year implementation programme will commence in 2018, pending plan approval. *Acht na Gaeltachta* affords our community a golden opportunity to shape and sustain our linguistic and Gaeltacht future on our own terms. Is féidir leatsa difríocht mhór a dhéanamh ach is féidir linne, le chéile, an t-uafás a bhaint amach má sheasann muid le chéile. Together we have the power to secure a positive future for our Gaeltacht. Keep an eye on our Facebook page 'Gaeilge Iorrais' for updates.

Tuilleadh eolais: **Ríomhphost:** gaeilgeiniorras@gmail.com **Guthán**: 085 250 3321

Scéalta Eile / Other News

Teampall Chill Ghallagáin Graveyard Book



Is é cuspóir an leabhair 'Teampall Chill Ghallagáin', atá foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo, ná (i) Oidhreacht na reilige, a shíneann ó luath sa Tréimhse Críostaí síos go dtí an lá atá inniú ann, a chaomnú don ghlúin reatha agus do na glúine atá le teacht (ii) Grianghraf ón aer den reilig a chur ar fáil sa gcaoi is gur féidir le daoine uaigheanna a muintir a aimsiú go réidh (iii) An t-ábhar a dhéanamh níos inaimsithe don phobal agus (iv) Eolas a chur ar fáil, chomh fada agus is féidir, ar na daoine atá curtha sna huaigheanna atá gan mharc. Ba mhaith leis na húdair Treasa Ní Ghearraigh agus Uinsíonn Mac Graith a mbuíochas ó chroí a ghlacadh le chuile dhuine a chuidigh leo agus iad i mbun an t-saothar seo, agus le hÚdarás na Gaeltachta a rinne maoiniú ar an eagrán seo den leabhar faoin Scéim Fiontar Pobail 2017. Tá sé ar díol i Siopa Ghearbháin, Ceathrú Thaidhg, Siopa hÉalaí i mBarr na Trá agus Siopa Uí Chiaráin i mBéal an Mhuirthead (praghas €15) agus tá sé le fáil chomh maith tríd an bpost ó oifig Chomhar Dún Chaocháin Teo ar chostas €18. Tá an leabhar foilsithe i gcuimhne na ndaoine atá curtha i dTeampall Chill Ghallagáin, go ndéana Dia trócaire ar a n-anamacha uilig.

Published by Comhar Dún Chaocháin Teo, the aim of the newly-printed 'Cill Ghallagáin Graveyard' book is (i) To preserve the heritage of the graveyard, which stretches from the Early Christian period down to the present day, for the current and future generations (ii) To provide an aerial photograph of the graveyard so that people can locate their relatives' graves easily (iii) To make the information more readily available and accessible to the community and (iv) To provide information, in so far as is possible, on those who are buried in unmarked graves. Its authors Treasa Ní Ghearraigh and Uinsíonn Mac Graith would like to thank everyone who helped to bring this project to fruition, and Údarás na Gaeltachta for funding this edition of the book under the Scéim Fiontar Pobail 2017 scheme. It is now on sale in Garvin's Shop, Ceathrú Thaidhg, Healy's of Barr na Trá and Carey's Newsagents in Belmullet (price €15) and is also available by post from the office of Comhar Dún Chaocháin Teo at a cost of €18. The book is dedicated to all those who are buried in Teampall Chill Ghallagáin, go ndéana Dia trócaire ar a n-anamacha uilig.

Teachaín a' Watch Look Out Post

Ag an bpointe is fuide amach ag Barr na Rinne, os cionn Cuan Phort a' Chlóidh, bhí foirgneamh beag a dtugtaí Teachaín a' Watch air. Mar chéim chosanta thóg Seirbhís na nGardaí Cósta na tithe faire seo ar feadh an chósta chun súil a choinneáil ar na báid cogaidh i rith an Dara Cogadh Domhanda. Faraoir, leag stoirm an foirgneamh stairiúil seo go talamh. Tá fiosrúcháin dá dhéanamh anois leis na heagraíochtaí cuí le fáil amach ar féidir an foirgneamh a ath-thógáil, a chaomhnú agus a scéal a chur faoi bhráid an phobail. D'eagraigh an grianghrafadóir Amelia Stein cruinniú sa Seanscoil le Micheál Ó Cinnéide (údar an leabhair Guarding Neutral Ireland agus cartlannaí sa gCartlann Míleata, Acadamh Ríoga na hÉireann) chun na roghanna éagsúla a phlé.

At Barr na Rinne overlooking Port a' Chlóidh Bay a former look out post, known locally as Teachaín a' Watch, was located. These look-out posts were built around the coast during World War II for the Coastwatching Service by the Office of Public Works. Unfortunately, this historic landmark was the victim of a storm which decimated the building. Efforts are now underway with the relevant authorities to ascertain if the building can be re-erected, preserved and if its story can be presented to the wider community. Photographer Amelia Stein arranged a meeting in the Seanscoil with Michael Kennedy (author of 'Guarding Neutral Ireland and archivist in the Military Archives of The Royal Irish Academy) to discuss the various options available.

Photographed in the Seanscoil are descendants of those who served at Teachaín a' Watch during World War II (ó chlé) Micheál Ó Tuathail, Brian Ó Dochartaigh, Caitlín Uí Sheighin, Micheál Ó Cinnéide (An Cartlann Mileáta, Acadamh Ríoga na hÉireann), Máire Bríd Uí Thuathail, Tomás Ó Tuathail, Micheál Ó Conghóile agus Seán Ó Gearbháin. (grianghraf: Uinsíonn Mac Graith)

Siúlóidí Cheathrú Thaidhg / Visiting Groups

Tá Siúlóidí Ceathrú Thaidhg (Lúb Chlann Lir, Lúb an Chlaí Dhuibh agus Lúb na Binne Buí) ag mealladh cuairteoirí isteach sa gceantar le cúpla bliain anois. Ag tosnú amach agus ag críochnú ó lárionad na Seanscoile, tá gach siúlóid treormharcáilte le dath difrúil ag brath ar a dianacht. Déanann clár eolais agus bróisiúr dá-theangach ildaite cur síos ar sonraí na mbealaí agus ar phointí suimiúla. The Ceathrú Thaidhg loop walks (Lúb Chlann Lir, Lúb an Chlaí Dhuibh and Lúb na Binne Buí) continue to attract visitors to the area. Starting and finishing at the Seanscoil community centre, each loop is waymarked and colour-

coded according to its level of difficulty. A bi-lingual information board and brochure provide details on trail directions and points of interest en route.

Among those enjoying the scenic beauty and challenge of the Clann Lir Loop walk was T.V. and radio personality, Katryn Thomas, who visited the area with a group as part of her 'Pure Results Boot Camp'.

A group of visitors from Germany are photographed at An tSeanscoil with leader Echkard Ladner. Many groups have visited the parish of Cill Chomáin from various destinations to discover the rural way of life in the west of Ireland and how a major development such as the Corrib Gas project can impact on a small community. (photo: Uinsíonn Mac Graith)

Thug an grúpa *Muintir Chathair na Mart*, atá ar an bhfód le seacht mbliana, cuairt ar Cheathrú Thaidhg i mí Meán Fómhair le blas a fháil ar Ghaeilge agus ar chultúr na háite. Ó chlé tá Séamus Ó Conaill, Tomás Ó Cinnéide, Séamus Mac an Fhallaigh, Treasa Ní Ghearraigh, Seán Mhaidhcí Ó' Gallachóir, Úna Uí Chuinn, Uinsíonn Mac Graith, Caitlín Ó Rathaillaigh, Pádraig De Brún agus Guy Racaillet.

Thug grúpa scoláirí ó Ollscoil Boston, in éineacht lena stiúrthóir acadúil Rita Ní Dhonnchadha, cuairt ar pharóiste Chill Chomáin i mí Márta. Tá na scolairí, atá ag déanamh staidéir ar Chúrsaí Oidhreachta, ag caitheamh téarma in Ollscoil na hÉireann Gaillimh mar pháirt dár dtaithí staidéir thar lear. Rinne Uinsíonn Mac Graith siúlóid treoraithe leo, áit a bhfuair said léargas ar chultúr agus ar oidhreacht an cheantair. A group of students from Boston College, accompanied by their academic director Rita Donoghue, visited the parish in March. The students, who are studying Heritage Studies, are spending a term at NUI Galway as part of their study abroad experience. Their visit included

a guided walk with Uinsíonn Mac Graith where they gained an insight into the rich cultural heritage of the area. (photo: Rita Donoghue)

Plean Forbartha Chill Chomáin 2015 – 2019 / Cill Chomáin Development Plan

Leagann Plean Forbartha Chill Chomáin, atá ullmhaithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo i gcomhar leis an bpobal áitiúil, amach straitéis forbartha don pharóiste le haghaidh an tréimhse cúig bliana 2015-2019. Ag cloí le haidhmeanna na heagraíochta beidh (a) caomhnú agus cuir chun cinn na Gaeilge agus cultúr na háite i chuile ghné de shaol an phobail agus (b) forbairt acmhainní nadúrtha agus daonna an cheantair ar bhealach comhtháthaigh, ina gnéithe tabhachtacha den phlean. Chuaigh an coiste i gcomhairle leis an bpobal áitiúil ag an staid ullmhúcháin i bhfoirm ceistneoirí, ceardlanna oibre agus lá oscailte inar tugadh cuireadh don phobal freastal le scrúdú a dhéanamh ar an ndréachtphlean agus a dtuairimí a léiriú. Cuireadh an dréachtphlean chuig eagraisí éagsúla forbartha le haghaidh a gcuid ionchur agus moltaí chomh maith. Rinneadh anailís ar Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí (LLDB) agus is uaidh seo a thagann an plean gníomhaíochtaí. 45 gníomh ar fad atá sa bplean a thiteann faoi cúig mór-rannóga forbartha mar atá (i) Pobal, Fiontar agus Fostaíocht (ii) Oideachas agus Oiliúint (iii) Timpeallacht agus Bonneagar (iv) Teanga, Cultúr agus Turasóireacht agus (v) Seirbhísí agus Áiseanna. Má tá tú ag iarraidh cóip den phlean déan teagmháil le Treasa ag 097 88082 nó 087 1251642 nó ar an ríomhphost ag dunchaochain1@eircom.net

The Cill Chomáin Development Plan, which was prepared by Comhar Dún Chaocháin Teo in consultation with the local community, outlines a strategy for the development of the parish over the five year period 2015-2019. In keeping with the key objectives of the organisation the plan will seek to (a) preserve and promote the Irish language and culture in every aspect of community life and (b) develop in an integrated and sustainable way the natural and human resources of the area. Consultation with the local community in the planning stages took the form of questionnaires, workshops and an open day where individuals were invited to attend to examine the draft plan and make recommendations. The draft plan was also forwarded to various development agencies for comment. The area's Strengths, Weaknesses, Opportunities and Threats (SWOT) were analysed and this forms the basis for the resulting action plan. There are 45 actions in total which fall under five key areas of development namely (i) Community, Enterprise and Employment (ii) Education and Training (iii) Environment and Infrastructure (iv) Language, Culture and Tourism and (v) Services and Facilities. If you would like a copy of the plan please contact Treasa on 097 88082 or 087 1251642 or e-mail dunchaochain1@eircom.net

At a meeting in Béal an Mhuirthead recently to discuss community development and Irish language planning were An Seanadóir Rose Conway Walsh, Uinsíonn Mac Graith, Peadar Tóibín, Treasa Ní Ghearraigh agus An Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh. (grianghraf: Aoife Darmody)